



An
Bord
Pleanála

Clár oibre don Éisteacht Ó Bhéal

PL06F.248544

Dáta	26 Meán Fómhair 2017
Ag tosú	10AM
Áit	An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, BAC 1.

Is é an chúis leis an héisteacht ó bhéal ná deis a sholáthar do gach páirtí, más mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a fháil maidir le haon ábhar pleanála ábhartha a eascróidh as na himeachtaí. Beidh deis ann do dhaoine ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil as na hábhair a bheidh á bplé.

Tabhair faoi deara:

Níl dualgas dá laghad ar aon duine aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal nó ceisteanna a chur ar na páirtithe eile ach an oiread. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach cáipéis a seoladh cheana féin. Dá bhrí sin níl gá le hathrá a dhéanamh ag an éisteacht mar gheall ar na cáipéisí atá faighte cheana féin.

Má tá sé ar intinn agat cáipéisí a sholáthar, is féidir iad a ghlacadh ach ar an mbonn go bhfuil cóipeanna breise ar fáil do na rannpháirtithe eile. Caithfear dhá cheann d'aon chaipéis a thabhairt dom Bhord chomh maith.

I dteannta leis an bhfógra seo faightear clár oibre agus clár ama na héisteachta agus iad siúd leagtha amach thíos. Tabhair faoi deara gur clár ama sealadach é agus tá seans ann go n-athrófaí é le linn na héisteachta.

Nuair a bheidh deireadh leis an éisteacht, déanfaidh an Cigire tuarascáil agus moladh leis chun iad a chur faoi bhráid an Bhoird. Is é an Bord féin a dhéanfaidh an cinneadh cead pleanála a thabhairt nó a dhiúltú.

Mar chuid aighneacht an iarratasóra iarrfar air deileáil leis na hábhair áirithe seo a leanas:

An ceangal eangaí atá beartaithe (san áireamh na fo-stáisiúin), chun deileáil leis an bhforbairt, agus an ceangal gur féidir a thogáil sa todhchaí chun dul i ngleic le forbairt a bheidh le déanamh ar na tailte atá leagtha amach sa mháistirphlean. I dtaca leis seo, thuig an Bord go bhfuil sé mar thuairim ag an iarratasóir nach Forbairt Bonneagair Straitéisigh é an fhorbairt atá beartaithe. Ba mhaith leis an mBord áfach aird an iarratasóra a tharraingt ar na forálacha atá leagtha amach in Alt 182B, san áireamh an bhrí a bhaineann le ‘tarchur’ faoin Seachtú Sceideal san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus tabhair faoi deara gur féidir tuilleadh díospóireachta a dhéanamh as na hábhair a eascróidh as an éisteacht.

Úsáid fuinnimh, san áireamh acmhainn úsáide fuinnimh charnagh a d’fhéadfaí a bheith ann nuair a thógtar ionad sonraí, mar atá leagtha amach sa mháistirphlean ar an suíomh, agus an úsáid fuinnimh a d’fhéadfaí a bheith i gceist i dtaobh forbairt na n-ionad sonraí in Éirinn mar atá leagtha amach i ráiteas acmhainne 2017-2026 a rinne EirGrid.

Na himpleachtaí a bhaineann le hacmhainn úsáide fuinnimh charnagh a d’fhéadfaí a bheith ann faoi láthair agus sa todhchaí ar oibleagáidí an Stáit ó thaobh athrú aeráide, úsáid fuinnimh agus astaíochtaí carbóin nuair a chuirfear an máistirphlean mar atá leagtha amach i bhfeidhm in Éirinn.

Na héifeachtaí suntasacha carnacha dóchúla a d’fhéadfaí a bheith ann ar gach gné a bhaineann leis an timpeallacht agus na bearta maoluithe le haghaidh sin. Cuirfear san áireamh go háirithe, i measc ábhar eile, gnéithe a bhaineann le haer agus le haeráide, le sócmhainní ábhartha agus leis an tírdhreach.

Ba chóir díriú ar an gceist nach bhfuil creat beartais i bhfeidhm faoi láthair maidir le hionaid sonraí go háirithe an t-éileamh mór ar fhuinneamh a bhaineann leo agus polasaí an Stáit ó thaobh t beartas fuinnimh de.

Creat ama a leagadh amach chun máistirphlean ADSIL a chur i bhfeidhm i dtaca le réamh-mheastacháin fháis an chomhlachta san earnáil néalríomhaireachta agus i seirbhísí gaolmhara.

Clár Oibre

Lá 1 - 26 Meán Fómhair 2017	
Am	Ábhar
10:00	Oscailt na hÉisteachta
AM	<ul style="list-style-type: none"> • Iarratasóir: <ul style="list-style-type: none"> ○ Achoimre ar an bhforbairt atá beartaithe (uasmhéid 10 nóiméad) ○ Freagra ar na hábhair a dúisíodh sna hachomhairc agus na hábhair eile a bheidh le plé
	<ul style="list-style-type: none"> • Comhlachtaí Forordaithe, agus ceisteanna le cur ina dhiaidh más gá
	<ul style="list-style-type: none"> • Údarás Pleanála
13:00 – 14:00	Sos
PM	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí na n- Achomharcóirí
	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí na mBreathnóirí
	<ul style="list-style-type: none"> • Ceisteanna idir na páirtithe
	<ul style="list-style-type: none"> • Ráitis Deiridh san ord seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Achomharcóirí ○ Comhlachtaí Forordaithe ○ Údarás Pleanála ○ Iarratasóir
	Éisteacht le Dúnadh
Lá 2 - 27 Meán Fómhair 2017 Más gá seolfar an Éisteacht ar aghaidh ar an 27 Meán Fómhair	

Aguisín: Ord Láithris maidir le hAchomharcóirí agus le Breathnóirí

Achomharcóirí

1. Allan Daly
2. David Hughes

Breathnóirí

1. Carmel McCormack